# Port Láirge
# Waterford

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Athachtú Cath Lochlannach ar Rian Glas na nDéise , Déise Medieval 2017, Grianghrafadóir: Selena O'Sullivan

*Viking Battle Re-enactment on Waterford Greenway, Déise Medieval 2017, Photographer Selena O'Sullivan*

# Ábhar
## Contents


1 Brollach ón Méara
*Mayor's Foreword*

2 Brollach ón bPríomhfheidhmeannach
*Chief Executive's Foreword*

3 An Cultúr agus an Chruthaitheacht i bPort Láirge
*Culture and Creativity in Waterford*

4 Fís Éire Ildánach do Phort Láirge
*The Creative Ireland Vision for Waterford*

5 Luachanna Éire Ildánach i bPort Láirge
*The Creative Ireland Values in Waterford*

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Phort Láirge
*Strategic Priorities for Waterford*

7 Cur i bhfeidhm
*Implementation*

8 Príomhtháscairí Rathúlachta
*Key Indicators for Success*

9 Conclúid
*Conclusion*


Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# 1 Brollach Ón Méara
## Mayor's Foreword

Is cúis ríméid dom mar Mhéara ar Chomhairle Cathrach agus Contae Port Láirge fáilte a chur roimh fhorbairt Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Phort Láirge 2018–2022. Is cuid í an straitéis seo de chlár Éire Ildánach Rialtas na hÉireann lena bhféachtar le gach duine sa tsochaí a spreagadh chun barr a gcumais ó thaobh cruthaitheachta de a bhaint amach agus tá sé d'aidhm aici an cultúr a bheith ag croílár gach polasaí rialtais.

Is é is Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Phort Láirge ann, ráiteas faoi intinn straitéiseach Phort Láirge maidir le fís Chlár Éire Ildánach a réadú sa chontae agus plean ina léirítear conas a thabharfar faoinár gcuid príomhchuspóirí straitéiseacha agus conas a chuirfear i bhfeidhm iad thar thréimhse chúig bliana dar tús an bhliain 2018.

Ag ceartlár na straitéise tá cur chuige ann atá bunaithe ar fhorbairt sa chontae a bheith dírithe ar chúrsaí cultúir agus, go sonrach, is cur chuige é atá bunaithe ar shainordú Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a chomhlíonadh ó thaobh Cruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal. Tugann an straitéis seo deis do Phort Láirge na straitéisí faoi leith atá aici cheana agus a bhfuil cúrsaí cultúir mar chuid díobh, ina measc na healaín, oidhreacht, leabharlanna, cartlanna srl. a ailíniú, agus cuireann sí deis ar fáil maidir le foghlaim chomhroinnte ar fud na Comhairle Cathrach agus Contae trí Mheitheal Cultúir Éire Ildánach a bhunú go háitiúil.

Táim ag tnúth leis go mbeidh tairbhe mhór le fáil as an straitéis seo ag daoine ar bhonn áitiúil agus ag gach saoránach i gContae Phort Láirge sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

**An Comhairleoir Pádraig Ó Innseadúin**
Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge

As mayor of the City and County of Waterford I welcome the development of Waterford's Culture and Creativity Strategy 2018–2022. This strategy forms part of the Irish Government's Creative Ireland programme, which seeks to encourage everyone in our society to realise their full creative potential and aims to put culture at the heart of all government policies.

Waterford's Culture and Creativity Strategy is Waterford's statement of strategic intent in delivering the Creative Ireland vision in our county and a plan outlining how our strategic priorities will be approached and implemented over a five-year period commencing 2018.

This strategy has at its heart an approach to culture-led development in the county and specifically to fulfilling Waterford City and County Council's mandate of Enabling Creativity in Every Community. The strategy provides an opportunity for Waterford to align its existing individual strategies which each have a cultural element including: arts, heritage, libraries, archives, etc and brings an opportunity for shared learning across the City and County Council through the formation of a Creative Ireland Culture Team locally.

I look forward to seeing the outputs of this strategy reap dividends locally and for all citizens across Waterford County, in the coming months and years.

**Cllr. Pat Nugent**
Mayor of the City and County of Waterford



Dún Garbhán 1215 – ceiliúradh 800 mbliain de stair (David Clynch Photography)
*Dungarvan 1215 – a celebration of 800 years of history (David Clynch Photography)*

# 2 Brollach Ón bPríomhfheidhmeannach
## Chief Executive's Foreword

TÁ EARNÁIL CHUMASACH chultúir ag Port Láirge agus bíonn féilte, imeachtaí agus gníomhaíochtaí ann a bhfuil aitheantas orthu go hidirnáisiúnta agus a bhfuil duaiseanna gnóthaithe acu. Le blianta fada, tá ceannaireacht shuntasach léirithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le forbairt chultúir, maidir le haitheantas a thabhairt do luach an chultúir agus na cruthaitheachta atá lárnach, ní hamháin ó thaobh dhea-bhail na saoránach ach a bheidh ina bhfórsa tiomána do dhea-riocht gheilleagar an réigiúin amach anseo. Cuirtear san áireamh ansin an tacaíocht a thugtar d'fhorbairtí cultúir ar an mórchóir lena n-áirítear an Triantán Lochlannach, Músaem na Seod, Port Láirge, Lána Garter agus Rian Glas na nDéise. I measc na bpríomhthionscnamh eile tá ár gceannaireacht ar Thairiscint an Triúr Deirféaracha maidir le Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, forbairt Straitéis Chultúir Réigiúnaigh agus pleananna reatha chun Ceathrú Cultúrtha a fhorbairt i gceantar Shráid Uí Chonaill de Chathair Phort Láirge. Tá straitéisí ealaíon, oidhreachta agus leabharlann i gCathair agus i gContae Phort Láirge ag tacú leis na tionscnaimh sin. Is contae é Port Láirge a infheistíonn sa chultúr mar chuid leabaithe dá próiseas pleanála; 'mar áit ina bhfuil meas ar chultúr agus ina gcaitear leis an gcultúr mar acmhainn chun saol daoine, chun deiseanna agus ionchais do cách a fheabhsú' .

Tá an Clár Éire Ildánach tógtha mórthimpeall téamaí aitheantais, cultúir agus saoránachta agus feidhmíonn sé faoi na príomhphrionsabail oibriúcháin a bhaineann le Comhoibrú, le Cumarsáid, leis an bPobal, le Cumasú agus le Clú Domhanda. Tá ról ríthábhachtach ag údaráis áitiúla maidir le Clár Éire Ildánach áitiúil a chur ar fáil ina iomláine ar bhonn áitiúil agus tá sainordú acu Colún 2 den chlár Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal a chur i gcrích trína gcuid Meithleacha Cultúir.

WATERFORD HAS A strong cultural sector with internationally recognised and award-winning festivals, events and activities. Waterford City and County Council has shown significant leadership in cultural development for many years, recognising the value of culture and creativity as both central to the well-being of our citizens and in driving the economic fortunes of the region into the future. This includes support of large-scale cultural developments including the Viking Triangle, Waterford Museum of Treasures, Garter Lane and the Waterford Greenway. Other key initiatives include: our leadership of the Three Sisters European Capital of Culture 2020 Bid, development of a Regional Cultural Strategy and current plans to develop a Cultural Quarter in the O'Connell Street area of Waterford City. These initiatives are underpinned by the arts, heritage and libraries strategies for Waterford City and County. We are a county which invests in culture as an embedded part of our planning process; a 'place where culture is valued and resourced to improve the lives, opportunities and prospects for all' .

The Creative Ireland Programme is built around themes of identity, culture and citizenship with core operating principles of Collaboration, Communication, Community, Empowerment and Global Reputation. Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the Creative Ireland programme and are mandated, through their Culture Teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community.



Ó mhí Aibreáin 2017 i leith chuaigh Meitheal Cultúir Phort Láirge i leith Chlár Éire Ildánach i mbun próiseas fairsing rannpháirtíochta, taiscéalaíochta, comhairliúcháin agus anailíse i gcomhar le príomhgheallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne chun teacht ar na príomhchuspóirí straitéiseacha d'fhorbairt chultúir a leagtar amach sa doiciméad seo. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta tacú le forbairt agus saibhriú breise maidir le Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm i bPort Láirge trí shraith pleananna soláthair bliantúla a chur ar fáil a chumasóidh tuilleadh comhoibrithe agus imeachtaí uathúla, a bheidh ar siúl go háitiúil ar fud an chontae.

Táimid ag tnúth le comhshaol cultúrtha saibhrithe i bPort Láirge faoi cheann 2022 agus ag súil freisin le féinléiriú cultúir na cathrach agus an chontae a chothú, a fhorbairt agus a fheabhsú i gcomhréir le fís Éire Ildánach.

**Michael Walsh**
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Since April 2017 the Waterford Creative Ireland Culture Team has carried out an extensive process of engagement, exploration, consultation and analysis with key stakeholders and the wider community to arrive at the strategic priorities for cultural development as outlined in this document. Our Cultural and Creative Strategy is intended to support the further development and enrichment of the delivery of the Creative Ireland programme for Waterford through the implementation of a series of annual delivery plans which will enable further unique collaborations and events to take place locally across the county.

We look forward to an enriched cultural landscape in Waterford by 2022 and to sustaining, developing and enhancing our city and county's cultural expression in line with the Creative Ireland vision.

**Michael Walsh**
Chief Executive Waterford City and County Council

# 3 An Cultúr agus an Chruthaitheacht i bPort Láirge
## Culture and Creativity in Waterford

B'É PORT LÁIRGE an chéad chathair a bhunaigh trádálaithe Lochlannacha in Éirinn sa 9ú haois, agus is áit í a bhí, ó uair a bunaithe, saibhir ó thaobh cultúir agus oidhreachta de. Is áit í a bhfuil aitheantas uirthi ar fud an domhain, mar ionad monaraithe criostail agus gloine, mar áit a bhfuil cáil uirthi as a hoidhreacht Ghaeilge (tá ceann amháin den líon beag ceantar Gaeltachta atá fós sa tír suite i bPort Láirge) agus mar áit ina mbíonn feilte móra ar siúl agus ina bhfuil cultúr láidir ealaíne sráide. Is áit í ina a bhfuil an rannpháirteachas agus an t-idirchaidreamh, i dtaca le gníomhaíochtaí cultúir de, ina gcodanna de shaol a muintire, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i léiriúcháin amharclannaíocha áitiúla, in amharc-ealaíona agus in ealaíon na litríochta, gan trácht ar rannpháirteachas na saoránach i gcleachtadh ealaíon gairmiúil agus neamhghairmiúil. Tá gníomhairí cultúrtha áitiúla ag obair mar fhoireann agus mar chuid de struchtúr an údaráis áitiúil agus iad ag cur an chomhshaoil chultúrtha chun cinn sa chontae, ag tacú le grúpa níos leithne bainisteoirí cultúrtha, cleachtóirí, oideachasóirí agus luchtanna féachana / éisteachta, agus ag cur creatlaigh ar fáil ar fud Phort Láirge don chultúr agus don chruthaitheacht.

Cuimsíonn taipéis shaibhir chultúrtha an tsuímh na cineálacha éagsúla cultúir atá ann san áit, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, trí raon féilte idirnáisiúnta ardchaighdeáin mórscála a chur ar fáil maille leis an iliomad féilte níos lú a chur ar fáil i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Cuireann na féilte sin ardáin ar fáil trína ndéantar daoine agus smaointe a nascadh agus is ó phobail i gceantair thuaithe agus uirbeacha ina mbítear ag cleachtadh gníomhaíochtaí amaitéaracha a thagann siad agus is astu a fhásann sármhaitheas idirnáisiúnta. Maidir leis sin is díol spéise ar leith í an Fhéile Spraoi, ní hamháin mar gheall ar a cáil idirnáisiúnta ach de bhrí freisin go gcuirtear féile ar fáil a tharraingíonn ar shamhlaíocht agus ar chruthaitheacht an phobail ar leis í gach bliain; ba fhreagra na cosmhuintire i leith fhorbairt chruthaitheachta agus chultúir an óige é an fhorbairt chomhoibríoch a rinneadh le déanaí le hIonad Ealaíon Garter Lane chun féile SprÓg do pháistí a chur ar fáil.

Is áit í Port Láirge a thógann air féin na cúraimí a bhaineann le daoine agus le háit; is áit í ina meastar go bhfuil teacht agus tuiscint ar an oidhreacht lárnach ó thaobh dhea-bhail an phobail agus gur nithe iad sin nach mór díriú orthu mar chuid den fhorbairt chultúrtha; cuireann an Plean Oidhreachta fís ar fáil i leith teacht a bheith ag daoine ar gach gné den oidhreacht i bPort Láirge agus i leith méadú a dhéanamh ar rannpháirteachas iontu. Trí leas a bhaint as a oidhreacht fhoirgnithe agus as bithéagsúlacht a oidhreachta nádúrtha agus tríd an Geopháirc UNESCO atá ann ar Chósta an Chopair agus trí Ghlasbhealach nua Phort Láirge, tá meas ar an oidhreacht chomhroinnte, agus an taitneamh a bhaintear aisti, á gcur chun cinn mar bhealach chun caighdeán saoil agus folláine na saoránach a fheabhsú.

Déanann Seirbhís Ealaíon Phort Láirge, agus í ag obair i gcomhar le beirt sain-Oifigeach Ealaíon a fhónann don chathair agus don chontae araon, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ealaíon áitiúil. Tríd an tSeirbhís Ealaíon, nasctar iarrachtaí ealaíonta sa chontae le Plean Ealaíon an Chontae agus tugtar tacaíocht ina leith sin; díríonn an Plean sin ar thrí phríomhthéama, is é sin le rá, (a) rannpháirtíocht agus rochtain; (b) tacaíocht d'ealaíontóirí agus (c) féiniúlacht agus áit dúchais. Is iad na bunchuspóirí atá aige maoiniú a sholáthar agus cumas a fheabhsú san earnáil ealaíon agus chultúir, agus ealaín phoiblí

WATERFORD IS A location rich in culture and heritage from its establishment as the site of the first city in Ireland, founded by Viking traders in the 9th century. A place recognised globally for its manufacture of crystal and glass, its Irish language heritage (being one of the few Gaeltacht areas remaining in the country), its strong festivals and a street art culture. It is a place where engagement and participation in cultural activities forms a backdrop to people's lives from local theatre production, visual and literary arts to the involvement of its citizens in professional and non-professional arts practice. Developing the cultural landscape in the county is a team of local cultural agents, operating as part of the local authority structure, supporting a wider cohort of cultural managers, practitioners, educators and audiences and delivering the framework for culture and creativity across Waterford.

This rich cultural tapestry of the location crosses traditional and contemporary cultural forms, offering a range of high quality large-scale international festivals alongside multiple smaller scale and community-run festivals in towns and villages across the county. These festivals provide platforms for connecting people and ideas and are borne of communities of practice, where amateur activities in rural and urban areas have spawned international excellence. Spraoi Festival is singularly interesting in this regard, not least of which because of its international acclaim but also in its delivery of a festival which draws on the collective imagination and creativity of its people annually. Its recent collaborative development with Garter Lane Arts Centre in the delivery of SprÓg children's festival is an example of grass-roots development of youth creativity and culture.
Waterford is a location which concerns itself with both people and place; where access and understanding of its heritage is seen as central to the wellbeing of its people and a focus for cultural development; with its Heritage Plan providing a vision to increase access to, and engagement with, all aspects of heritage in Waterford. From embracing its built and natural landscape biodiversity to its UNESCO Geopark on the Copper Coast and the new Waterford Greenway, it promotes appreciation and enjoyment of its shared heritage as a means of improving the quality of life and wellbeing of its citizens.

Waterford Arts Service supports local arts development with two dedicated Arts Officers serving both the city and the county in tandem. The Arts Service connects and supports artistic endeavour in the county with the county Arts Plan delivering on three core themes of (a) participation and access; (b) support for artists and (c) identity and place as its focus. Its core objectives lie in providing funding, enhancing capacity in the arts and cultural sector and promoting and supporting public art. In so

a chur chun cinn agus tacu léi. Agus é sin á dhéanamh aige beidh sé ag breathnú amach ar mhúnlaí cleachtais idirnáisiúnta, ag dul i mbun comhpháirtíochtaí ar bhonn réigiúnach, áitiúil agus náisiúnta d'fhonn dea-thoradh ar an gclár oibre straitéiseach sin a thabhairt i gcrích. Tá cathair Phort Láirge ina ceanncheathrú do raon forleathan soláthróirí ealaíon, lena n-áirítear Ionad Ealaíon agus Stiúideonna Lána Garter, Músaem na Seod, Port Láirge, Ballaí Phort Láirge, Ealaíona Óige Phort Láirge, Gailearaí GOMA agus áiteanna eile nach iad. Is ceannródaí é Port Láirge freisin maidir le healaíona, sláinte agus folláine agus tá teist chruthaithe air de dheasca comhpháirtíocht fhadtéarmach agus cláreagrú in ospidéil, i suíomhanna cúraim, i spásanna pobail agus sa teaghlach, go sonrach trí Iontaobhas Ealaíon Leighis Phort Láirge.

Tá seirbhís bhríomhar leabharlainne sa chontae anois maille le cláir a chabhraíonn le forbairt pobal cruthaitheach trí chur chuige idirglúine maidir le foghlaim, ar cur chuige é a chuimsíonn gach aoisghrúpa. Déantar freastal ann do phobail nasctha trí imeachtaí agus deiseanna a chur ar fáil dóibh sa dóigh go mbíonn teacht ar spásanna poiblí ar fud an chontae, rud a chuireann acmhainní, gníomhaíochtaí agus ábhair ar fáil chun fóillíocht a fheabhsú. Soláthraíonn sé cláir bhunúsacha i gcomhpháirtíocht le seirbhísí áitiúla eile, ar a n-áirítear cláir scríbhneoirí cónaithe, Féile Léitheoireachta agus Leabhar do Pháistí, cláir chultúir ildisciplíneacha, cláir agus gníomhaíochtaí um uilechuimsitheacht shóisialta agus teacht ar chultúr trí chartlanna, trí oidhreacht, trí staidéar áitiúil, trí fhoilseacháin, trí chur chun cinn, trí acmhainní ar líne etc.

doing it looks outwards to international models of practice, partnering regionally, locally and nationally to deliver on its strategic agenda. Waterford city is home to a broad church of arts provision including the Garter Lane Arts Centre and Studios, Waterford Museum of Treasures, Waterford Walls, Waterford Youth Arts, GOMA Gallery amongst others. Waterford is also a pioneer for arts, health and wellbeing, with a track record of long-term partnership and programming in hospitals, care settings, community spaces and in the home, specifically through the Waterford Healing Arts Trust.

The county is home to a vibrant library service, with programmes which assist the development of creative communities through an intergenerational approach to learning encompassing all age ranges. It facilitates connected communities through events and opportunities offering access to public spaces throughout the county, and providing resources, activities and materials to enhance leisure. In partnership with other local services it delivers core programmes which include; writer-in-residence programmes, a Reading and Children's Book Festival, multi-disciplinary cultural programmes, social inclusion programmes and activities and access to culture via archives, heritage, local studies, publications, promotion, online resources etc. It is a county rich in linguistic diversity.





Is contae é atá saibhir ó thaobh éagsúlacht teanga. Tá 'Gaeltacht na nDéise', atá suite i bPort Láirge, ar cheann de sheacht limistéar Gaeltachta in Éirinn ina ndéantar an oidhreacht teanga agus a thábhachtaí atá sí a chur chun cinn go bródúil agus go paiseanta. Tá dhá pharóiste ann in aice leis an gcósta, An Rinn agus An Seanphobal, agus labhraítear an teanga dhúchasach iontu mar theanga bheo, mar theanga phobail, agus tá an ceol, na hamhráin, an damhsa agus an scéalaíocht, agus na traidisiúin chultúrtha a ghabhann leo, ann ansin ina theannta. Ritheann an cultúr teangeolaíochta sin tríd an gclár oibre maidir le forbairt chultúrtha agus tá deiseanna aimsithe chun an teanga dhúchais a nascadh le cultúir theanga na bpobal nua sa chontae.

Ós rud é go n-aithníonn an Chomhairle Cathrach agus Contae go bhfuil tairbhe le baint as clár oibre leabaithe atá dírithe ar chultúr a bheith ann ó thaobh saol na saoránach a fheabhsú, bhí an Chomhairle ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt chultúrtha, idir áitiúil agus idirnáisiúnta. Le blianta beaga anuas bhí Port Láirge chun tosaigh i ndáil le tairiscint chun Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 a dhéanamh den chathair agus chuir sé an chéad Straitéis Chultúir Réigiúnaigh de chuid na hÉireann ar fáil i gcomhar le comhpháirtithe i gCill Chainnigh agus i Loch Garman, agus, le déanaí, d'fhorbair sé plean athghiniúna cultúir i bhfoirm plean chun Ceantar Cultúir a chur ar fáil i gCathair Phort Láirge, rud a bheadh ina bhonntaca don lucht cruthaitheach agus cultúrtha a mbuanna a chur chun cinn agus a choinneáil ar marthain.

Feidhmíonn an Straitéis Chultúir Réigiúnaigh mar dhúshraith dhaingean d'fhorbairt chultúrtha agus chruthaitheach sa réigiún, agus tá trí réimse tosaíochta ann atá i gcomhréir go mór le Straitéis Chruthaitheach agus Chultúir Phort Láirge mar a leanas:

'Gaeltacht na nDéise' in Waterford is one of seven Irish-speaking areas in Ireland where our linguistic heritage and its importance are proudly and passionately promoted. Consisting of two coastal parishes, An Rinn and An Sean Phobal, our native language is spoken as a living, community language alongside its associated cultural traditions of music, song, dance and storytelling. This linguistic culture runs through the cultural development agenda finding opportunities to connect our native language with the linguistic cultures of new communities in the county.

The City and County Council recognising the benefit of an embedded culture-led agenda in improving the lives of its citizens, has led the way in cultural development from the local to the international. In recent times Waterford led a bid to become the European Capital of Culture 2020; delivered Ireland's first Regional Cultural Strategy (with partners in Kilkenny and Wexford) and has recently developed a plan for culture-led regeneration through the development of a plan to deliver a Cultural Quarter in Waterford City, supporting the development and retention of creative and cultural talent.

The Regional Cultural Strategy provides the bedrock for cultural and creative development in the region, with three priority areas which resonate with Waterford's Creative and Cultural Strategy:

- Clár maidir le Geilleagar Cruthaitheach agus Cultúir – chun tacú le forbairt luchtanna féachana / éisteachta inbhuanaithe i leith cultúir, chun forbairt a dhéanamh ar gheilleagar na bhféilte agus chun cur leis an acmhainneacht, ag leibhéal áitiúil, chun tacú le hearnáil na dtionscal cruthaitheach go háirithe.
- Forbairt shóisialta agus é dírithe ar an gcultúr – chun freagairt do cheannaireacht Phort Láirge sa spás Ealaíon agus Sláinte, rud a chuireann saoránaigh, ar bhonn uilechuimsitheach, i gcroílár na pleanála agus an chláreagrúcháin i leith cúrsaí cultúir agus rud a chruthaíonn tacaíochtaí do dhaoine cruthaitheacha i suíomhanna tuaithe agus i suíomhanna uirbeacha araon.
- Clár Athghiniúna Uirbeach agus Tuaithe – chun gealltanais maidir le tionscadail athghiniúna fisicí a thacaíonn le forbairt chultúrtha a chomhlíonadh

Forbraíodh an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta seo chun ailíniú leis an gcúlra thuasluaite maidir le soláthar, agus é mar aidhm leis sin ná forbairt chultúrtha a aimpliú ar mhaithe le muintir Phort Láirge amach anseo agus ar mhaithe baint a bheith ag muintir Phort Láirge leis an bhforbairt sin amach anseo.

- A Creative and Cultural Economy Programme – supporting the development of sustainable audiences for culture, developing the festival economy and building capacity at local level to support the creative industries sector in particular.
- Culture-led social development – which responds to Waterford's leadership in the Arts and Health space, embedding citizens in inclusive planning and programming for culture and creating supports for creatives in both rural and urban settings.
- Urban and Rural Regeneration Programme – delivering on physical regeneration projects which support cultural development.

This Culture and Creativity Strategy has been developed to align with this backdrop of provision, serving to amplify and connect cultural development for Waterford's people into the future.



Féile Idirnáisiúnta agus Seó Bóthair na Lochlannach Phort Láirge 2018 – rinceoirí áitiúla ag glacadh páirte sa Seó Bóthair Lochlannach, Port Láirge 2018

*Waterford's International Viking Festival and Roadshow 2018 – local dancers performing in Viking Roadshow, Waterford 2018*

# 4 Fís Éire Ildánach do Phort Láirge
## The Creative Ireland Vision for Waterford

IS É ATÁ i gClár Éire Ildánach ná Clár Oidhreachta Rialtais d'Éirinn 2016 – tionscnamh cúig bliana a chuireann an chruthaitheacht ag ceartlár an pholasaí phoiblí. Is clár é atá bunaithe ar an gcultúr agus a ceapadh chun folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Seo a leanas an fhís a bhaineann leis:

> *'Go mbeidh deis ag gach duine atá ina chónaí in Éirinn an cumas cruthaitheach atá ann nó inti a bhaint amach ina iomláine'*

Tá an clár ceaptha chun bheith ina uirlis forfheidhmithe maidir leis na tosaíochtaí a ainmnítear i gcáipéis bheartais an Rialtais, Cultúr 2025 – Éire Ildánach ina luaitear go bhfuil na healaíona agus an cultúr ina gcodanna lárnacha de Stát na hÉireann, ina n-admhaítear a riachtanaí atá sé go ndéanfaí méadú ar rochtain ar na healaíona, agus ar rannpháirtíocht sna healaíona, go dtreiseofaí tionscail chruthaitheacha, agus go gcaomhnófaí ár n-oidhreacht, agus béim ar leith á leagan ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an gcomhshaol.

Tá Clár Éire Ildánach bunaithe ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta agus cuirtear i bhfeidhm é faoi na príomhphrionsabail oibriúcháin a bhaineann le Comhoibrú, le Cumarsáid, leis an bPobal, le Cumhachtú agus le Clú Domhanda. Sa Straitéis seo, leagtar amach plean Phort Láirge i leith an tionscnaimh náisiúnta sin. Leagtar amach inti tosaíochtaí maidir le forbairt chultúrtha agus chruthaitheach, tá sí ag teacht le bunluachanna an Chláir Náisiúnta Éire Ildánach agus tá sí dírithe ar fhíorú fhís Phort Láirge;

THE CREATIVE IRELAND Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative which places creativity at the centre of public policy. It is a culture-based programme designed to promote individual, community and national well being. Its vision is:

> *'That every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential'*

The programme is the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 – Éire Ildánach which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The Creative Ireland Programme is built around themes of identity, culture and citizenship with core operating principles of Collaboration, Communication, Community, Empowerment and Global Reputation. This Strategy sets out the plan for Waterford in this national initiative. It outlines our priorities for cultural and creative development, resonates with the core values of the Creative Ireland Programme nationally and focuses on delivering Waterford's vision to;



> *'Éiceachóras cultúrtha agus cruthaitheach a bhunú i bPort Láirge ina dtógtar ar na bunláidreachtaí atá ann cheana féin, ina méadaítear an inniúlacht chultúrtha ar fud an chontae chun cláir trína léirítear riachtanais an phobail a fhorbairt agus ina mbeidh deiseanna ag gach saoránach ar rochtain, ar pháirtíocht agus ar idirchaidreamh i gcúrsaí cultúir agus cruthaitheachta.'*

Ó tionscnaíodh Éire Ildánach in 2017, chuir Meitheal Cultúir Phort Láirge cleachtais oibre nua chun cinn d'fhonn cur chuige comhtháite maidir le forbairt chultúrtha sa chontae a chur ar fáil. Mar thoradh ar chomhoibriú, tá cláir chomhoibríocha curtha i dtoll a chéile acu le haghaidh limistéir feidhme Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, ar cláir iad trína dtapaítear, a oiread agus is féidir, na deiseanna atá ann chun acmhainní, margaíocht agus cumarsáid a chomhroinnt ar fud na dtionscal cultúir agus cruthaitheach. Bhí ról lárnach ag an meitheal maidir le forbairt na straitéise sin sa mhéid gur chuir sí faisnéis ar fáil le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí, gur oibrigh sí i gcomhar le pobail áitiúla chun éisteacht lena gcuid tuairimí maidir le conas ab fhéidir leis an údarás áitiúil an chruthaitheacht a chumasú go háitiúil agus gur tháinig sí le chéile chun na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa doiciméad seo, agus meicníochtaí maidir lena soláthar go rathúil le himeacht ama, a shainaithint. Leanfaidh siad ar aghaidh ag treisiú an chaidrimh oibre seo ar feadh ré an chláir, á chinntiú go mbeidh cur chuige soiléir ann maidir le tacaíocht chultúrtha agus maidir le forbairt agus le clárphleanáil, ar cur chuige é trína léireofar cuspóirí na bpleananna agus na straitéisí ábhartha atá ann cheana don chontae agus d'fhís Éire Ildánach.

> *'Create a cultural and creative ecosystem in Waterford which builds on existing core strengths, increases cultural competency across the county to develop and deliver programmes reflective of community needs, and provides opportunities for access, participation and engagement in culture and creativity for all citizens.'*

Since Creative Ireland's inception in 2017 Waterford's Culture Team has developed new working practices which deliver an integrated approach to cultural development in the county. Working in concert they have developed collaborative programmes between functional areas in Waterford City and County Council which maximise opportunities for shared resourcing, marketing and communications across culture and the creative industries. The team played a key role in the development of this strategy, informing the public consultation process, working with local communities to hear their views on how the local authority can enable creativity locally and coming together to identify the strategic priorities outlined in this document and the mechanisms for their successful delivery over time. They will continue to deepen this working relationship over the duration of the programme, ensuring a coherent approach to cultural support, development and programming, which reflects the objectives of relevant existing plans and strategies for the county and the Creative Ireland vision.

# 5 Luachanna Éire Ildánach i bPort Láirge
## The Creative Ireland Values in Waterford

DÁLA CHLÁR ÉIRE Ildánach ina ndírítear ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta, gné lárnach de chuid Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Phort Láirge is ea an tuiscint ar bhunluach an chultúir ó thaobh sochaí fhorásach a bheith ann agus ar cheart na saoránach go léir chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht cultúir sa chontae. Déantar tagairt inti do thábhacht na hoidhreachta cultúir agus na Gaeilge agus déantar tagairt inti chomh maith do léiriú cruthaitheach agus d'fhéiniúlachtaí cultúrtha pobal nua trína bhfeabhsaítear agus trína saibhrítear an timpeallacht chultúrtha. Cuireann sí creatlach i láthair trínar féidir inniúlachtaí cultúrtha a fhorbairt sna daoine, rud a chumasaíonn dóibh imeachtaí, gníomhaíochtaí agus cláir, a léiríonn a riachtanais ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, a dhearadh, a fhorbairt, a sholáthar agus a chothú. Léirítear inti tuairimí na Meithle Cultúir, na bpríomh-gheallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne i dtaobh cad atá ag teastáil le go mbeidh éiceachóras cultúir agus cruthaitheach in ann bhláthú i bPort Láirge.

Tá an doiciméad seo bunaithe ar phrionsabail chlár Éire Ildánach, is é sin le rá, Comhoibriú, Cumarsáid, Pobail, Rannpháirtíocht, Uilechuimsithecht agus Cumhachtú. Tugtar breac-chuntas sna míreanna a leanas ar an gcaoi a léirítear na prionsabail sin sa straitéis:

LIKE THE CREATIVE Ireland programme which focuses on the themes of identity, culture and citizenship, Waterford's Cultural and Creative Strategy has at its core an understanding of the intrinsic value of culture to a progressive society and the right of all its citizens to participate in cultural activity in the county. It references the importance of cultural heritage and the Irish language alongside the creative expression and cultural identities of new communities which enhance and enrich its cultural landscape. It presents a framework for developing cultural competencies in its people, enabling them to design, develop, deliver and sustain events, activities and programmes which reflect their needs at local, national and a global level. It reflects the views of the Culture Team, key stakeholders and the wider public in consideration of what is required for a cultural and creative ecosystem to flourish in Waterford.

The Creative Ireland programme principles of Collaboration, Communication, Community, Participation, Inclusivity and Empowerment form the foundation for this document. The following paragraphs outline how these principles are reflected in the strategy:

**Comhoibriú**
Cleachtais oibre nua a chur chun cinn ar mhaithe le comhroinnt acmhainní, (m.sh. úsáid bhreise a bhaint as ionaid áitiúla chun críocha cultúrtha) agus clárfhorbairt trasfheidhmeach (m.sh. Tionscadal Logainmneacha na bPáirceanna agus Bring Your Own Chair) a dhéanamh i measc na ngníomhairí cultúrtha difriúla atá ann sa Mheitheal Cultúir i bPort Láirge.

**Collaboration**
Development of new work practices for shared resourcing, (e.g. additional local venue use for cultural purposes) and cross-functional programme development (e.g. The Field-Names project and Bring Your Own Chair) between the different cultural agents who make up the Culture Team in Waterford.

**Cumarsáid**
Tá forbairt na feasachta faoi chlár Éire Ildánach ar fud Phort Láirge ina bunghealltanas de chuid na Meithle Cultúir áitiúla. Cruthóidh tiomantas na Meithle i leith múnla cuimsitheach cumarsáide a fhorbairt mar chuid den chlár leibhéal infheictheachta níos mó le haghaidh cláir a mbeidh tacaíocht á fáil acu ón tionscnamh agus cruthóidh sé deiseanna chun bheith páirteach sa chlár. Ina theannta sin cruthóidh sé pointe fócais amháin le haghaidh forbairt clár cruthaitheachta agus cultúir maidir le gach ceann ar leith de na feidhmeanna éagsúla údaráis áitiúil a chuireann seirbhísí a bhaineann le cultúr ar fáil.

**Communication**
Developing awareness of the Creative Ireland programme across Waterford is a core commitment of the Culture team locally. Their commitment to building a comprehensive communications model as part of the programme will create greater visibility of programmes supported by the initiative and opportunities for engagement with the programme. It will, in addition, create a single point of focus for creative and cultural programme development across the different local authority functions which deliver culture-related services.

**Pobal**
Is é is ciall le pobal anseo pobail ar fud an chontae ar a n-áirítear lucht ealaíne agus cultúir agus a mbainisteoirí, lucht freastail ar imeachtaí cultúrtha, pobail Ghaeilge, páistí, daoine óga agus pobail nua ar baile dóibh Port Láirge. Tá ár gclár oibre straitéiseach dírithe ar phobail a chumasú chun teacht le chéile lena n-acmhainn chultúrtha a threisiú trí chlár a thógáil a chuirfeadh an inniúlacht ó thaobh pleanáil chultúrtha agus forbartha de chun cinn agus trí thacaíochtaí maoinithe a sholáthar do chláir agus do ghníomhaíochtaí agus imeachtaí cultúrtha sainaitheanta.

**Community**
By community we mean all communities across the county from artistic and cultural players and managers to cultural attendees, Irish language communities, children, young people and new communities who call Waterford home. We have focussed our strategic agenda on enabling communities to come together to amplify their cultural capacity, by building a programme to develop competency in cultural planning and development and to provide funding supports for identified programmes and cultural activities and events.

**Rannpháirtíocht**
Toradh tábhachtach a ghabhfaidh le rath an chlár Éire Ildánach ar bhonn áitiúil is ea go mbeidh fianaise ar rannpháirtíocht bhreise sa réimse cultúrtha ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal contae araon. Beidh gné rannpháirtíochta cultúrtha ag gach clár.

**Uilechuimsitheacht**
Tá luach na huilechuimsitheachta ina bhunchuid d'fhorbairt clár áitiúil i bPort Láirge cheana féin. Oibríonn an tAonad um Chomhtháthú Sóisialta sa chathair agus Comhpháirtíocht Limistéar Phort Láirge i dteannta a chéile lena chinntiú go gcuirtear an uilechuimsitheacht san áireamh sna tacaíochtaí agus sna cláir ábhartha uile. Bhí na gníomhaireachtaí sin ina mbunchuid den phróisis tairisceana i leith Phríomhchathair Chultúir na hEorpa agus tá baint acu freisin le forbairt reatha an phlean le haghaidh Ceathrú Cultúrtha do Phort Láirge. Cinnteoidh obair leanúnach comhoibríoch leis na comhpháirtithe gníomhaireachta sin go mbeidh an uilechuimsitheacht lárnach i gclár oibre Éire Ildánach.

**Cumhachtú**
Tríd an straitéis seo, beidh Meitheal Cultúir Phort Láirge ag iarraidh na pobail áitiúla a chumhachtú lena slí mhaireachtála a fheabhsú trí léiriú cultúrtha. Tabharfaidh forbairt an chláir inniúlachta cultúrtha cumhacht do dhaoine áitiúla chun 'úinéireacht' a fháil ar na cláir chultúrtha a bhaineann leo féin, chun bheith ag obair le chéile chun a bplean áitiúil féin don chultúr a shainiú, ar plean é a léireoidh a riachtanais áitiúla i gcomhthéacs forbairt cultúir agus cruthaitheachta i gcoitinne sa chontae.

**Participation**
A key output of the success of the Creative Ireland programme locally will be evidence of increased cultural participation both at local and county level. All programmes will have a cultural participation element.

**Inclusivity**
The value of inclusivity already forms a core element of local programme development in Waterford. The Social Integration Unit in the city alongside the Waterford Area Partnership work in tandem to ensure that inclusivity is given expression in all relevant supports and programmes. These agencies formed a core part of the European Capital of Culture Bid process and are also involved in the current development of a plan for a Cultural Quarter for Waterford. Continued collaborative working with these agency partners will ensure that inclusion remains central to the Creative Ireland programme agenda.

**Empowerment**
Waterford's Culture Team through this strategy is seeking to empower local communities to enhance their way of life through cultural expression. The development of the cultural competency programme will empower local people to 'own' their cultural programming, to work together to identify their own local plan for culture, reflecting their local needs in the context of the wider development of culture and creativity in the county.



Macasamhail ollmhór d'fhoireann fichille Lewis ó Ré na Lochlannach de chuid Mhúsaem na Seod, Port Láirge, gur féidir leis an bpobal imirt leis sa Triantán Lochlannach

*The Waterford Treasures Museum Giant Replica of the Viking-Age Lewis chess set for all to play in the Viking Triangle*

# 6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Phort Láirge
## Strategic Priorities for Waterford

FORBRAÍODH TOSAÍOCHTAÍ straitéiseacha Phort Láirge ar bhonn thorthaí an phróisis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta agus ar bhonn na tuisceana ar an timpeallacht chultúrtha i bPort Láirge ar nithe iad sin a lean as mapáil chruthaitheach ar cuireadh tús léi i rith an phróisis tairisceana i leith Phríomhchathair Chultúir na hEorpa in 2015. Cuireadh freagraí ar fáil i gcúrsa an phróisis sin agus chuir sé sin ar chumas na meithle an liosta tosaíochtaí a leagtar amach thíos a chur i dtoll a chéile. D'fhéadfadh na tosaíochtaí seo a bheith ann in éineacht lena chéile. Tá idirnascanna bunúsacha ann a sholáthraíonn tacaíochtaí éagsúla le haghaidh forbairt agus léiriú de chineál cultúrtha agus cruthaitheach.

Go sonrach, tugann na tosaíochtaí aghaidh ar Cholún 2 de chreat náisiúnta Éire Ildánach, is é sin bonn a chur faoin gcruthaitheacht i ngach pobal, ach tá forluí ann freisin leis na colúin eile trí mheicníochtaí soláthair agus feabhsuithe ar chláir agus ar fhorbairtí cultúrtha atá sa Chontae cheana féin. Tá cur síos ar roinnt samplaí ábhartha anseo thíos:

**Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh**
Ag Obair le Music Generation i bPort Láirge chun imeacht a sholáthar gach bliain le tacaíocht ó Éire Ildánach.

**Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir**
Ceathrú Cultúir a Fhorbairt i bPort Láirge agus Straitéis Chultúir Réigiúnaigh a chur i bhfeidhm.

Cláir d'fhorbairt chultúrtha a fhorbairt in éindí le WIT (Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge) agus le WWETB (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman) mar chuid d'fhorbairt Cheathrú Chultúir Phort Láirge (WCQ).

WATERFORD'S STRATEGIC priorities have been developed from the outputs of the consultation and engagement process and an understanding of the cultural landscape in Waterford via creative mapping which commenced during the European Capital of Culture bid process in 2015. The process delivered responses which enabled the team to develop the list of priorities outlined below. These priorities are not mutually exclusive. There are inherent inter-linkages which serve to deliver a lattice of supports for cultural and creative development and expression.

The priorities specifically address Pillar 2 of the Creative Ireland national framework of enabling creativity in every community but also overlap with the other pillars via delivery mechanisms and enhancement of existing cultural programmes and developments in the County. Some relevant examples are outlined below:

**Enabling the Creative Potential of Every Child**
Working with Music Generation in Waterford to deliver a Creative Ireland supported event annually.

**Investing in our Creative and Cultural Infrastructure**
Development of a Cultural Quarter for Waterford and implementation of the Regional Cultural Strategy.

Developing programmes for cultural development with WIT and WWETB as part of the WCQ (Waterford Cultural Quarter) development.



**Na Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta**
Cúnamh a thabhairt maidir le forbairt deiseanna chun tionscail chruthaitheacha a chur ar bun i gCeathrú Chultúir Phort Láirge.

Deiseanna ionchasacha maidir le clár i nGaeilge a fhorbairt le Nemeton TV srl.

**Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile**
Deiseanna le haghaidh idirchaidrimh le comhpháirtithe idirnáisiúnta a chur ar fáil trí chlár 'Creative Spirits' an AE agus trí chlár bliantúil Seimineár Idirnáisiúnta a fhorbairt.

### Tosaíocht 1: Clár Forbartha Inniúlachta Cultúrtha

**Forléargas**
Díríonn an tosaíocht seo ar inniúlachtaí cultúrtha a fheabhsú ar fud an réigiúin, rud a léireoidh cuspóir Phort Láirge mar 'Chathair Foghlama'. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, is léir gur mian le daoine go mbeadh teacht acu, ar bhonn áitiúil, ar sholáthar cultúir. Mar fhreagairt i leith an riachtanais sin, cuirfidh an Mheitheal Cultúir clár foghlama comhroinnte i dtoll a chéile, agus beidh ceardlanna éascaithe ann le saineolaithe cultúrtha agus cruthaitheacha d'fhonn inniúlachtaí cultúrtha i gcathair agus i gcontae Phort Láirge a fheabhsú.

Cuirfidh an clár seo faoi deara go mbeidh sé ar chumas pobail áitiúla a n-inniúlacht chultúrtha féin a fhorbairt, gníomhaíochtaí agus imeachtaí cultúrtha a eagrú, a ullmhú agus a bhainistiú go háitiúil d'fhonn an caighdeán maireachtála a fheabhsú ar bhonn áitiúil. Cabhróidh sé sin le leibhéal uilechuimsitheachta níos airde a fhorbairt sna pobail, léireoidh sé

**The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production**
Assisting the development of opportunities for creative industries incubation and activation in the Waterford Cultural Quarter.

Potential opportunities for development programme in the Irish language with Nemeton TV etc.

**Unifying our Global Reputation**
Presenting opportunities for engagement with international partners through the EU 'Creative Spirits' programme and development of an annual International Seminar programme.

### Priority 1: Cultural Competency Development Programme

**Overview**
This priority focuses on enhancing cultural competencies across the region reflecting Waterford's objective as a 'Learning City'. The public consultation process highlighted a desire for people to have access to cultural provision locally. Responding to this need the Culture Team will develop a programme of shared learning, facilitated workshops with cultural and creative experts to enhance cultural competencies in Waterford city and county.

This programme will enable local communities to develop their own cultural capability, to plan, programme, produce and manage cultural activity and events locally to enhance the fabric of life locally. This is turn will help to develop greater inclusivity in communities, reflect specific identities and

féiniúlachtaí sonracha agus cultúir shonracha i gceantair éagsúla sa chontae (m.sh. Gaeilge i gceantair Ghaeltachta, an oidhreacht nádúrtha i réigiúin chósta srl), tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna maidir le taisteal ó cheantair thuaithe go dtí an chathair – áit a mbíonn gníomhaíochtaí cultúir ar siúl de ghnáth – agus cruthófar lucht féachana / éisteachta áitiúil le haghaidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta, rud a chuirfidh nascacht nádúrtha ar fáil leis an éiceachóras cultúrtha níos leithne ar fud an chontae.

**Bearta**

**1.1.** Creatlach cláir 'Pobail Chruthaitheacha' a fhorbairt chun tacú le forbairt imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha i bpobail áitiúla

**1.2.** Fógra Oscailte a chur i láthair na bpobal chun bheith páirteach sa chlár 'Pobail Chruthaitheacha'; cuirfear saineolaithe ar fáil tríd an gclár chun oibriú le daoine atá ag gníomhú sa phobal áitiúil d'fhonn cabhrú leo a gcuid clár áitiúil cruthaitheachta agus cultúir a shainaithint, a dhearadh agus a fhorbairt, agus d'fhonn cúnamh a sholáthar chun maoiniú a aimsiú faoi Chiste Clárphleanála Bliantúil Éire Ildánach

**1.3.** Foireann Uirlisí 'Pobail Chruthaitheacha' a fhorbairt agus ceardlanna a chur ar fáil a chuideoidh le forbairt chultúrtha agus chruthaitheach de chineál áitiúil inbhuanaithe.

**1.4.** Úsáid a bhaint as gníomhaithe cultúrtha atá ann cheana féin feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an acmhainn atá ann maidir le cláir chultúrtha a fhorbairt agus a bhainistiú go háitiúil trí chlár 'Meantóir Cultúrtha' a fhorbairt le tacaíocht ó Oifig Fiontar Áitiúil Phort Láirge.

cultures in different areas of the county (e.g. Irish language in Gaeltacht areas, natural heritage along coastal regions etc), address issues around travel from rural areas to the city – where culture is normally produced – and builds local audiences for culture and creative engagement, providing natural connectivity with the wider cultural ecosystem across the county.

**Actions**

**1.1.** Develop a 'Creative Communities' programme framework to support the development of cultural events and activities in local communities

**1.2.** Present an Open Call to communities for participation in the 'Creative Communities' programme which will provide experts to work with community players locally to help identify, design and develop their local programmes for creativity and culture and provide assistance in seeking funding under the Creative Ireland Annual Programming Fund

**1.3.** Develop a Creative Communities Toolkit and deliver workshops to assist local, sustainable cultural and creative development.

**1.4.** Utilise existing cultural players to enhance understanding and capacity for development and management of cultural programming locally through the development of a 'Cultural Mentor' programme supported by Waterford Local Enterprise Office.





## Tosaíocht 2: Buaic-imeachtaí Éire Ildánach

**Forléargas**

Tiocfaidh Meitheal Cultúir Éire Ildánach le chéile gach bliain chun sraith d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí cultúrtha ardchaighdeáin a fhorbairt agus a chur i láthair ar imeachtaí agus na gníomhaíochtaí iad a mbeidh nasc ann idir iad agus an comhthéacs áitiúil ó thaobh forbairt chultúrtha agus chruthaitheach de sna pleananna maidir le healaíona, oidhreacht, leabharlannaíocht agus iarsmalanna, i bplean WCQ agus sa Straitéis Chultúir Réigiúnaigh agus beidh comhoibriú ar siúl le gníomhaireachtaí tábhachtacha cultúrtha agus cruthaitheacha eile sa chontae.

Beidh an clár seo ilghnéitheach agus léireoidh sé fís lárnach chlár Éire Ildánach sa chomhthéacs áitiúil. Bainfear leas as na tionscnaimh a cuireadh ar fáil don chlár in 2017 agus as torthaí an phróisis comhairliúcháin le linn an clár oibre faoi fhorbairt chruthaitheach a chur i gcrích i bPort Láirge

**Bearta**

D'fhéadfadh bearta den chineál seo a leanas a bheith i gceist:

**2.1** Obair a dhéantar i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta / Oidhreachta chun clár staire béil a fhorbairt do phobail ar fud Phort Láirge.

**2.2** An tionscadal 'Logainmneacha' le haghaidh scoileanna áitiúla a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh agus scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh rannpháirtíocht chruthaitheach do pháistí agus do dhaoine óga i suíomhanna scoile.

**2.3** Oibriú Music Generation i bPort Láirge chun ócáid tacaíochta do Éire Ildánach a sholáthar gach bliain.

## Priority 2: Creative Ireland Highlight Events

**Overview**

The Creative Ireland Culture team will meet annually to develop and present a series of high-quality cultural events and activities which link thematically to the local context for cultural and creative development across the arts, heritage, libraries and museums plans, the WCQ plan and the Regional Cultural Strategy and in collaboration with other key cultural and creative agencies in the county.

This programme area will be multi-faceted and reflect the core vision of the Creative Ireland programme in a local context. It will build from the initiatives delivered for the programme in 2017, the outputs from the consultation process, and delivering the creative development agenda in Waterford.

**Actions**

Examples might include:

**2.1.** Work in concert with the Libraries Service / Heritage to develop an oral histories programme for communities across Waterford.

**2.2.** Further develop and expand the 'Place Names' project for local schools exploring opportunities for creative engagement for children and young people in school settings.

**2.3.** Work with Music Generation Waterford to deliver an annual showcase event.

**2.4** Seimineár / Imeacht Cruthaitheach Bliantúil a leanann den Seimineár maidir le Tionscail Ghloine in 2016 go háirithe maidir le forbairt gheilleagar na bhféilte, lena n-áirítear amharclannaíocht agus taispeántais sráide.

**2.5** Oibriú le WCQ chun sraith bhliantúil 'Saotharlann Chruthaitheach' a fhorbairt – foghlaim a chomhroinnt agus smaointe nuálacha a fhorbairt le haghaidh forbairt chultúrtha agus chruthaitheach i measc cleachtóirí agus bainisteoirí.

### Tosaíocht 3: Ciste Clárphleanála Éire Ildánach

**Forléargas**
Glaoch bliantúil ar mhaoiniú do phobail áitiúla chun dul i mbun pleanála, forbartha, bainistithe agus cur i láthair go háitiúil maidir le cláir chultúrtha áitiúla a dtugann clár Éire Ildánach tacaíocht dóibh.

**Bearta**

**3.1** Iarratas do ghlaoch maoinithe a fhorbairt maille le treoirlínte struchtúrtha chun cláir a léiríonn tuiscint ar áit dhúchais, ar shainiúlacht agus ar chultúr a fhorbairt; a thógann ar chomhthéacs stairiúil maidir le hamharchlannaíocht / drámaíocht, litríocht, oidhreacht, teanga srl. áitiúil nó atá nuálaíoch ó thaobh cur i láthair de, a léiríonn pobal cruthaitheach scafanta nua i bPort Láirge.

**3.2** Ceardlanna áitiúla a sholáthar – i gcomhar leis na Ceardlanna um Fhoireann Uirlise Oibre na bPobal Cruthaitheach d'fhonn tuiscint ar éileamh maoinithe áitiúil a chinntiú.

**3.3** Deiseanna a chur ar fáil maidir le forbairt cláir fheabhsaithe d'fhonn geilleagar na bhféilte a thacú go háitiúil agus ar fud an réigiúin.

**2.4.** Annual Creative Event / Seminar – following on from Glass Industries Seminar in 2016 – particularly in area of festival economy development including street theatre and spectacle.

**2.5.** Work with WCQ to develop an annual 'Creative Lab' series – to share learning and develop innovative ideas for cultural and creative development between practitioners and managers.

### Priority 3: Creative Ireland Programming Fund

**Overview**
An annual funding call for local communities to plan, develop, manage and present cultural programmes locally which are supported by the Creative Ireland programme.

**Actions:**

**3.1.** Develop funding call application with structured guidelines for the development of programmes which reflect a sense of place, identity and culture, which build on historical context of local theatre / drama, literature, heritage, language etc., or which are innovative in their presentation, reflecting a new and vibrant creative community in Waterford.

**3.2.** Deliver local workshops – in conjunction with the Creative Communities Toolkit Workshops to ensure understanding of funding call locally.

**3.3.** Present opportunities for enhanced programme development to support the festival economy locally and across the region.





### Tosaíocht 4: Cumarsáid Chláir

**Forléargas**
Múnla cumarsáide a mhúsclóidh feasacht ar chlár Éire Ildánach ar fud an chontae, agus gnéithe clárphleanála sainiúla a fheabhsóidh rochtain, páirtíocht agus an t-idirchaidreamh le cultúr agus leis an gcruthaitheacht, a fhorbairt.

**Bearta**

**4.1** Tuilleadh forbartha ar chumarsáid inmheánach idir baill na Foirne Cultúir d'fhonn a chinntiú go mbeidh deiseanna ar chomhobair agus ar fhorbairt tionscadail infheicthe go tráthúil

**4.2** Creatlach cumarsáide a chur le chéile chun a chinntiú go mbeidh aon phointe teagmhála amháin ar fáil do chláir uile Éire Ildánach Phort Láirge

**4.3** Treoirlínte brandála soiléire a sholáthar do thionscadail a mhaoinítear mar chuid de thionscnamh Éire Ildánach

**4.4** Úsáid cumasc de na meáin chumarsáide traidisiúnta agus sóisialta chun teachtaireacht Éire Ildánach faoi chláir a chraobhscaoileadh ar fud an chontae (go háirithe i dtaca le húsáid raidió áitiúil, na meán sóisialta agus Port Láirge i do Phóca)

### Priority 4: Programme Communications

**Overview**
Develop a communications model which builds awareness of the Creative Ireland programme across the county and specific programmatic elements which enhance access, participation and engagement with culture and creativity.

**Actions:**

**4.1.** Further develop internal communications between members of the Culture team to ensure timely visibility of opportunities for collaboration and project development

**4.2.** Develop a communications framework to ensure a single point of contact for all Waterford Creative Ireland programmes

**4.3.** Provide clear branding guidelines for projects funded as part of the Creative Ireland initiative

**4.4.** Use of a blend of traditional and social media to deliver Creative Ireland message and programmes across the county (specifically in the use of local radio, social media and Waterford in Your Pocket

### Tosaíocht 5: Acmhainní a aimsiú do Chláir agus Measúnú a Dhéanamh orthu

**Forléargas**

Socrú oibre a dhéanamh chun deiseanna i leith comhroinnt acmhainní a uasmhéadú d'fhonn clár Éire Ildánach a fheabhsú

**Bearta**

**5.1** Deiseanna i leith úsáid chomhroinnte spásanna áitiúla a shainaithint le haghaidh rannpháirtíocht chultúrtha agus gníomhaíochtaí cultúrtha – m.sh. oifigí Ealaíon, leabharlanna lasmuigh d'uaireanta oibre etc.

**5.2** Tiocfaidh an Mheitheal Cultúir le chéile gach ráithe chun plé a dhéanamh in athuair faoin gclár oibre maidir le forbairt an bhunchláir d'fhonn uas mhéadú a dhéanamh ar na deiseanna i leith nasc idir cláir a bhféadfaí tacaíocht a thabhairt dóibh trí chlár Éire Ildánach.

**5.3** Acmhainn riaracháin le haghaidh cláir pháirtaimseartha a sholáthar do lucht bainistíochta chlár Éire Ildánach

**5.4** Dul i mbun oibre le Roinn na nDaonnachtaí in WIT chun buntaighde a dhéanamh ar threochtaí reatha maidir le lucht féachana / éisteachta i ndáil le rannpháirtíocht agus le hidirchaidreamh cultúrtha

**5.5** Dul i mbun oibre le Roinn na nDaonnachtaí in WIT chun taighde a dhéanamh ar an oiread a théann soláthar chlár Éire Ildánach i gcion ar rannpháirtíocht lucht féachana / éisteachta agus ar an idirchaidreamh le cláir Éire Ildánach.

### Priority 5: Programme Resourcing and Evaluation

**Overview:**

Develop a working arrangement to maximise opportunities for shared resourcing to enhance the Creative Ireland programme

**Actions**


**5.1.** Identify opportunities for shared use of spaces locally for cultural engagement and activities – e.g. Arts offices, libraries out of hours etc.

**5.2.** Culture team to meet quarterly to discuss core programme development agenda again to maximise opportunities for inter-linkages between other cultural organisations and programmes which can be supported through the Creative Ireland Programme.

**5.3.** Provide part-time programme admin resource for CI programme management

**5.4.** Work with WIT Humanities to carry out baseline research into current audience trends for cultural participation and engagement

**5.5.** Work with WIT Humanities to carry out research on impact from CI programme delivery on audiences' participation and engagement with CI programmes.



Féile an Chomaraigh. 'Ceol sna Sléibhte' ag Easanna na Machan, Co Phort Láirge, ócáid oíche mar chuid d'Fhéile an Chomaraigh inar ghlac Cór Soiscéalach Bhaile Átha Cliath agus an banna ceoil Newfoundland páirt. Grianghraf: Patrick Browne

*Comeraghs Wild Festival. Pictured at the "Mountain Music" at Mahon Falls, Co. Waterford, a Comeraghs Wild Festival night event which featured The Dublin Gospel Choir and Newfoundland. Picture: Patrick Browne*

# Forfheidhmiú
## Implementation

| Tosaíochtaí<br>*Priorities* | Eilimintí agus Gníomhaíochtaí Cláir<br>*Programme Elements and Actions* | Freagracht<br>*Responsibility* | Bliain an tSoláthair<br>*Year of delivery* | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Tosaíocht 1**<br>***Priority 1*** | **Clár Forbartha Inniúlachta Cultúrtha**<br>***Cultural Competency Development Programme*** | | | | | | |
| **1.1** | Creatlach cláir 'Pobail Chruthaitheacha' a fhorbairt chun tacú le forbairt imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha i bpobail áitiúla<br>*Develop a 'Creative Communities' programme framework to support the development of cultural events and activities in local communities* | Meitheal Cultúir / Saineolaí Cultúrtha<br>*Culture Team / Cultural Expert* | Q1 / Q2 | | | | |
| **1.1.1** | Bunréimsí d'fhorbairt inniúlachta go háitiúil a aontú<br>*Agree core areas for competency development locally* | Grúpa Oibre na Meithle Cultúir<br>*Culture Team Working Group* | Q1 | | | | |
| **1.1.2** | Suíomhanna atá le forbairt i mbliain 1 a shainaithint<br>*Identify locations for roll out in year 1* | Grúpa Oibre na Meithle Cultúir<br>*Culture Team Working Group* | Q1 | | | | |
| **1.2** | Glaoch Oscailte do phobail chun páirt a ghlacadh sa chlár 'Pobail Chruthaitheach'<br>*Present an Open Call to communities for participation in the 'Creative Communities' programme* | Riarachán Thionscadal Éire Ildánach<br>*CI Project Admin* | Q2 | | Q2 | | Q2 |
| **1.3** | Foireann Uirlisí Oibre a Fhorbairt don chlár 'Pobail Chruthaitheacha'<br>*Develop a Creative Communities Toolkit* | Grúpa Oibre na Meithle Cultúir le cúnamh ó shaineolaí cultúrtha<br>*Culture Team Working Group with assistance from cultural expert* | Q2 | | | | |
| **1.3.1** | Ceardlann a chur ar fáil a bheidh ina chúnamh maidir le forbairt inbhuanaithe áitiúil cultúir agus cruthaitheachta<br>*Develop workshop to assist local, sustainable cultural and creative development.* | Saineolaí seachtrach<br>*External expert* | Q2 | | | | |
| **1.3.2** | Ceardlanna ar Fhoireann Uirlisí Oibre le haghaidh 'Pobail Chruthaitheacha' a sholáthar do dhaoine de chuid an phobail áitiúil chultúir agus chruthaitheachta (bailte contae / tuaithe – glac leis go dteastóidh 3 lá in aghaidh gach clár bliana)<br>*Deliver workshops on CC Toolkit to local cultural and creative community players (in rural / county towns – assume 3 days delivery per programme year)* | Saineolaí seachtrach<br>*External expert* | Q3 | | Q3 | | Q3 |
| **1.4** | Caidreamh oibre a bhunú le hOifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge chun clár meantóireachta cultúir agus cruthaitheachta a fhorbairt<br>*Establish working relationship with Waterford LEO to develop a cultural and creative mentor programme* | Brid Kirby, Billy Duggan, Jane Cantwell<br>*Brid Kirby, Billy Duggan, Jane Cantwell* | Q4 | | | | |
| **1.4.1** | Clár meantóireachta a chur ar fáil do ghrúpaí pobail rannpháirteacha (glactar leis go mbeidh 10 ngrúpa ann gach bliain)<br>*Roll out mentor programme to participating community groupings (assuming 10 groups annually)* | Oifig Fiontair Áitiúil / Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge<br>*Waterford LEO / WAP* | Q4 | Q4 | Q4 | Q4 | Q4 |

| **Tosaíochtaí** *Priorities* | **Eilimintí agus Gníomhaíochtaí Cláir** *Programme Elements and Actions* | **Freagracht** *Responsibility* | **Bliain an tSoláthair** *Year of delivery* | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Tosaíocht 2** *Priority 2* | **Buaic-imeachtaí Éire Ildánach** *Creative Ireland Highlight Events* | | | | | | |
| **2.1.** | Dul i mbun oibre le Seirbhís Leabharlannaíochta / Oidhreachta chun clár staire béil a fhorbairt agus a sholáthar do phobail ar fud Phort Láirge. *Work with the Libraries Service / Heritage to develop and deliver an oral histories programme for communities across Waterford* | Leabharlanna / Oidhreacht / Cartlann / Gaeilge / Seachfhoinsigh *Libraries / Heritage / Archives / Irish Language / outsource* | Q3 | Q2 | Q2 | Q2 | Q2 |
| **2.2** | Déanfar tionscadal 'Ranganna Cruthaitheacha' a fhorbairt chun deiseanna i leith idirchaidreamh cruthaitheach do pháistí agus do dhaoine óga i suímh scoile a fhiosrú. *Develop a 'Creative Classrooms' project for local schools exploring opportunities for creative engagement for children and young people in school settings* | Seachfhoinsigh ó ealaíontóirí / shaineolaithe *Outsource to artists / experts* | | Q2 | | | |
| **2.2.1** | Glaoch a chruthú ar speisialtóirí maidir le áitiúla san oideachas chun an ghné ealaíonta de Chlár Logainmneacha a sholáthar do scoileanna áitiúla *Create call for local arts-in-education specialists to deliver the artistic element of a Placenames programme for local schools* | Riarachán Thionscadal Éire Ildánach *CI Project Admin* | | Q3 | Q1 | Q1 | Q1 |
| **2.2.2** | Tionscadal na nAinmneacha Páirceanna a fhorbairt (Ag glacadh le 3 lá in aghaidh na scoile i gcás gach ceann de na 8 scoil go bliantúil) *Roll out Place Names project (Assuming 3 days per school for each of 8 schools annually)* | Riarachán Thionscadal Éire Ildánach *CI Project Admin* | | | Q2 | Q2 | Q2 |
| **2.3** | Dul i mbun oibre le Music Generation i bPort Láirge chun imeacht suaitheanta bliantúil a sholáthar. *Work with Music Generation Waterford to deliver annual showcase event* | Riarachán Thionscadal Ealaíon agus Éire Ildánach agus MG Phort Láirge *Arts & CI Project Admin and MG Waterford* | | Q1 & Q2 | Q1 & Q2 | Q1 & Q2 | Q1 & Q2 |
| **2.4** | Seimineár / Imeacht Cruthaitheachta Bliantúil *Annual Creative Event / Seminar* | Riarachán Tionscadail Ealaíon agus Éire Ildánach agus MG Phort Láirge *Arts & CI Project Admin and MG Waterford* | Q4 | Q4 | Q4 | Q4 | Q4 |
| **2.5** | Dul i mbun oibre le Ceathrú Chultúir Phort Láirge chun sraith bhliantúil 'Saotharlann Chruthaitheach' a fhorbairt *Work with WCQ to develop an annual 'Creative Lab' series* | Foireann WCQ / Leabharlanna *WCQ Team / Libraries* | | Q1 & Q2 | Q1 & Q2 | Q1 & Q2 | Q1 & Q2 |
| **2.6** | Ciste cláir le haghaidh eilimintí breise cláir a cheadú d'fhonn freagairt do chlár oibre chultúrtha agus chruthaitheach a bhfuil forbairt faoi *Allow programme fund for additional programme elements to respond to developing cultural and creative agenda* | Meitheal Cultúir *Culture Team* | Bliantúil *Annual* | Bliantúil *Annual* | Bliantúil *Annual* | Bliantúil *Annual* | Bliantúil *Annual* |

| **Tosaíochtaí** *Priorities* | **Eilimintí agus Gníomhaíochtaí Cláir** *Programme Elements and Actions* | **Freagracht** *Responsibility* | **Bliain an tSoláthair** *Year of delivery* | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Tosaíocht 3** *Priority 3* | **Ciste Clárphleanála Éire Ildánach** *Creative Ireland Programming Fund* | | | | | | |
| **3.1** | Glaoch a fhorbairt maidir le hiarratas ar mhaoiniúchán, maille le treoirlínte struchtúrtha, chun cláir a léiríonn tuiscint ar áit dúchais, ar fhéiniúlacht agus ar chultúr; leas a bhaint as an gcomhthéacs stairiúil maidir le hamharchlannaíocht/drámaíocht, litríocht, oidhreacht, teanga srl. áitiúil nó léiriú nuálach a chur i láthair sna réimsí sin, rud a léireoidh pobal nua bhríomhar cruthaitheachta i bPort Láirge. *Develop funding call application with structured guidelines for the development of programmes which reflect a sense of place, identity and culture; build on historical context of local theatre/drama, literature, heritage, language etc or are innovative in their presentation reflecting a new and vibrant creative community in Waterford.* | Meitheal Cultúir *Culture Team* | Q3 | | | | |
| **3.2** | Ceardlanna áitiúla a sholáthar – i gcomhar leis na Ceardlanna maidir le Foireann Uirlisí Oibre le haghaidh Pobail Chruthaitheacha' – lena chinntiú go bhfuil tuiscint áitiúil ann ar an nglaoch ar mhaoiniúchán. *Deliver local workshops – in conjunction with the Creative Communities Toolkit Workshops – to ensure understanding of funding call locally.* | Meitheal Cultúir *Culture Team* | Q3 | Q3 | Q3 | Q3 | Q3 |
| **3.2.1** | Glaoch a thionscnamh maidir le cur i gcrích chlár áitiúil Éire Ildánach *Open programme call for CI local programme delivery* | Riarachán Thionscadal Éire Ildánach *CI project Admin* | Q4 | Q4 | Q4 | Q4 | Q4 |
| **3.2.2** | Soláthar chiste an chláir a bhainistiú *Manage the delivery of the programme fund* | Riarachán Thionscadal Éire Ildánach *CI project Admin* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* |
| **3.4** | Deiseanna a chur ar fáil maidir le forbairt cláir fheabhsaithe d'fhonn tacú le geilleagar na bhféilte go háitiúil agus ar fud an réigiúin. *Present opportunities for enhanced programme development to support the festival economy locally and across the region.* | Meitheal Cultúir *Culture Team* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* |

| **Tosaíochtaí**<br>***Priorities*** | **Eilimintí agus Gníomhaíochtaí Cláir**<br>***Programme Elements and Actions*** | **Freagracht**<br>***Responsibility*** | **Bliain an tSoláthair**<br>***Year of delivery*** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Tosaíocht 4**<br>***Priority 4*** | **Cumarsáid Chláir**<br>***Programme Communications*** | | | | | | |
| **4.1** | Leathlá in éineacht le héascaitheoir chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach idir baill na Meithle Cultúir d'fhonn a chinntiú go n-aimseofar deiseanna le haghaidh comhoibrithe agus forbairt tionscadal go tráthúil<br>*Facilitated half day to further develop internal communications between members of the Culture team to ensure timely visibility of opportunities for collaboration and project development* | Meitheal Cultúir<br>*Culture Team* | Uair sa Ráithe<br>*Quarterly* | Uair sa Ráithe<br>*Quarterly* | Uair sa Ráithe<br>*Quarterly* | Uair sa Ráithe<br>*Quarterly* | Uair sa Ráithe<br>*Quarterly* |
| **4.2** | Creat cumarsáide a chur le chéile chun a chinntiú go mbeidh aon phointe teagmhála amháin ar fáil do chláir uile Éire Ildánach Phort Láirge<br>*Develop a communications framework to ensure a single point of contact for all Waterford Creative Ireland programmes* | Cumarsáid / Tacaíocht ón bhfoireann cumarsáide ina hiomláine<br>*Communications / Supported by wider communications team* | Q1 & Q2 | | | | |
| **4.2.1** | Ábhar Éire Ildánach sna meáin shóisialta a bhainistiú<br>*Manage social media CI content* | Seachfhoinsiú<br>*Outsource* | R2 agus Leanúnach<br>*Q2 and ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* |
| **4.2.2** | Preasráitis faoi chláir Thionscadal Éire Ildánach a bhainistiú<br>*Manage press releases re CI Project programmes* | Seachfhoinsiú<br>*Outsource* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* |
| **4.3** | Treoirlínte brandála soiléire a sholáthar do thionscadail a mhaoinítear mar chuid de thionscnamh Éire Ildánach<br>*Provide clear branding guidelines for projects funded as part of the Creative Ireland initiative* | Cumarsáid<br>*Communications* | Q2 | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* |
| **4.4** | Meascán de na meáin chumarsáide thraidisiúnta agus shóisialta a úsáid chun teachtaireacht Éire Ildánach faoi chláir a chraobhscaoileadh ar fud an chontae (go háirithe úsáid a bhaint as raidió áitiúil, as na meáin shóisialta agus as Port Láirge i do Phóca)<br>*Use of a blend of traditional and social media to deliver Creative Ireland message an programmes across the county (specifically in the use of local radio, social media and Waterford in Your Pocket* | Seachfhoinsiú<br>*Outsource* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* | Leanúnach<br>*Ongoing* |

| Tosaíochtaí *Priorities* | Eilimintí agus Gníomhaíochtaí Cláir *Programme Elements and Actions* | Freagracht *Responsibility* | Bliain an tSoláthair *Year of delivery* | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Tosaíocht 5** ***Priority 5*** | **Acmhainní a aimsiú do Chláir agus Measúnú a dhéanamh orthu** ***Programme Resourcing and Evaluation*** | | | | | | |
| **5.1** | Deiseanna maidir le húsáid chomhroinnte spásanna áitiúla a shainaithint le haghaidh idirchaidrimh agus gníomhaíochtaí cultúrtha – m.sh. oifigí Ealaíon, leabharlanna lasmuigh d'uaireanta oibre etc. *Identify opportunities for shared use of spaces locally for cultural engagement and activities – e.g. Arts offices, libraries out of hours etc.* | Uile *All* | Q2 | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* | Leanúnach *Ongoing* |
| **5.2** | Tiocfaidh an Mheitheal Cultúir le céile gach ráithe chun plé a dhéanamh in athuair faoin gclár oibre maidir le forbairt an bhunchláir d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna i leith nasc idir cláir a bhféadfaí tacaíocht a thabhairt dóibh trí chlár Éire Ildánach. *Culture team to meet quarterly to discuss core programme development agenda again to maximise opportunities for inter-linkages between programmes which can be supported through the Creative Ireland programme.* | Uile *All* | Uair sa Ráithe *Quarterly* | Uair sa Ráithe *Quarterly* | Uair sa Ráithe *Quarterly* | Uair sa Ráithe *Quarterly* | Uair sa Ráithe *Quarterly* |
| **5.3** | Acmhainn riaracháin le haghaidh cláir pháirtaimseartha a sholáthar do lucht bainistíochta chlár Éire Ildánach *Provide part-time programme admin resource for CI programme management* | Meitheal Cultúir *Culture Team* | Q2 | | | | |
| **5.4** | Dul i mbun oibre le Roinn na nDaonnachtaí in IT Phort Láirge chun buntaighde a dhéanamh ar threochtaí reatha maidir le lucht féachana / éisteachta i ndáil le rannpháirtíocht agus le hidirchaidreamh cultúrtha *Work with WIT Humanities to carry out baseline research into current audience trends for cultural participation and engagement* | Meitheal Cultúir / IT Phort Láirge *Culture Team / WIT* | Q2 | | | | |
| **5.5** | Dul i mbun oibre le Roinn na nDaonnachtaí in IT Phort Láirge chun taighde a dhéanamh ar an oiread a théann soláthar clár Éire Ildánach i gcion ar rannpháirtíocht lucht féachana / éisteachta agus ar an idirchaidreamh le cláir Éire Ildánach. *Work with WIT Humanities to carry out research on impact from CI programme delivery on audiences' participation and engagement with CI programmes* | Meitheal Cultúir / IT Phort Láirge *Culture Team / WIT* | | | | Q3 | |
| **5.5.1** | Dul i mbun oibre le Roinn na nDaonnachtaí in IT Phort Láirge chun taighde a dhéanamh ar leibhéil na dtionscal Cruthaitheach atá ag oibriú i bPort Láirge. *Work with WIT Humanities to carry out research on levels of Creative industries operating in Waterford* | Meitheal Cultúir / IT Phort Láirge *Culture Team / WIT* | | | | Q3 | |

# 7 Conclúid
## Conclusion

TUGANN AN STRAITÉIS Chultúir agus Chruthaitheachta seo deis do ghníomhaithe cultúrtha i bPort Láirge na pleananna agus na creataí atá ann maidir le forbairt chultúrtha cheana féin ar fud an chontae a nascadh agus a fheabhsú tuilleadh. Déanfar iarrachtaí inti bealaí a aimsiú leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht a chur i dtús áite i saol na ndaoine; tugtar deiseanna do gach saoránach chun rochtain mhéadaithe a bheith acu ar ghníomhaíochtaí cultúrtha, agus chun idirchaidreamh níos mó a bheith acu leo agus rannpháirtíocht bhreise a bheith acu iontu. Sainaithnítear inti deiseanna le haghaidh forbairt chultúrtha de chineál comhoibríoch agus leabaithe, rud a fheabhsóidh inniúlacht chruthaitheach daoine aonair agus pobal agus a chinnteoidh cur i gcrích fhís chlár Éire Ildánach go háitiúil, rud a fhágfaidh go mbeidh Port Láirge ina áit ina bhfuil meas ar an gcultúr agus ina dtabharfar tacaíocht dó san fhadtéarma.

THIS CULTURE AND Creativity Strategy provides an opportunity for cultural players in Waterford to further connect and enhance the plans and frameworks already in place for cultural development across the county. It explores ways in which cultural and creativity can become central to people's lives, delivering opportunities for all citizens to have increased access to and engagement and participation in cultural activity. It identifies opportunities for collaborative and embedded cultural development, enhancing the creative potential of individuals and communities and ensuring delivery of the Creative Ireland programme vision locally, making Waterford a place where culture is valued and supported over the long term.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022